Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**9700/22**

**RESPR 12**
**FIN 588**
**ECOFIN 526**
**ENV 522**
**CLIMA 251**
**FISC 122**
**UD 116**
**ENER 237**
**TRANS 341**
**AGRI 224**
**COMPET 424**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil ón Uachtaránacht maidir le staid na himeartha sa phlé i ndáil le hacmhainní dílse nua |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17 go dtí an 21 Iúil 2020[1] agus Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020[2], déantar foráil maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach a bheidh leordhóthanach chun an caiteachas atá beartaithe a bhaineann le haisíoc Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (*Next Generation EU - NGEU*) a chlúdach. Leagtar amach sa Chomhaontú Idirinstitiúideach freisin treochlár chun na hacmhainní dílse nua sin a thabhairt isteach agus foráiltear leis gur cheart don Chomhairle an chéad phacáiste de na hacmhainní dílse a phlé roimh an 1 Iúil 2022 d'fhonn iad a thabhairt isteach an 1 Eanáir 2023. Sa chomhthéacs sin, chuir Uachtaránacht na Fraince tús leis an bplé ar na tograí le haghaidh acmhainní dílse nua: (i) cuireadh na rialacháin earnála arb iad an bunús dlíthiúil is gá le go nglacfar na hacmhainní dílse nua comhshaoil faoi bhráid na meithleacha earnála ábhartha (meitheal *ad hoc* SCCT um an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha agus an mheitheal chomhshaoil um chóras AE i ndáil le trádáil astaíochtaí) agus rinneadh plé orthu agus (ii) cuireadh an togra le haghaidh athbhreithniú ar an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse faoi bhráid na meithle um acmhainní dílse agus rinneadh plé air.

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo an dul chun cinn a rinneadh le linn Uachtaránacht na Fraince agus tugtar bonn léi don phlé ag Comhairle ECOFIN.

---

1 EUCO 10/20 A29, 145-150.

2 Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28).

## II. STAID NA hIMEARTHA

San obair a rinneadh díríodh go príomha ar mhionanailís a dhéanamh ar na tograí earnála a thíolaic an Coimisiún. Tá an chéad chéim sin riachtanach chun acmhainní dílse nua a chruthú. Dá bhrí sin, ní féidir bailchríoch a chur ar an bplé maidir le gach acmhainn dhílis go dtí go nglacfar na rialacháin earnála foluiteacha sin.

**Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT)**

Mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' mhol an Coimisiún go gcruthófaí sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT). Sa togra uaidh le haghaidh athbhreithniú ar an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, molann an Coimisiún gur cheart 75 % den ioncam a ghinfear le SCCT a bheith ina acmhainn dhílis i mbuiséad an Aontais.

Tháinig an Chomhairle (ECOFIN) ar chur chuige ginearálta maidir leis an rialachán earnála comhfhreagrach, an 15 Márta[3].

Thug an Chomhairle dá haire freisin nach mór dul chun cinn leordhóthanach a dhéanamh maidir leis an obair ar an dá shaincheist seo a leanas, nach dtagann faoi raon feidhme Rialachán SCCT, sular féidir tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa[4]:

a) Is de réir an ráta ag a leithdháilfear lamháltais ar earnálacha tionscail a chumhdaítear faoi SCCT, a bunaíodh le Treoir an Aontais maidir le Trádáil Astaíochtaí, a chinnfear an luas ag a méadófar an oibleagáid deimhnithe SCCT a thabhairt suas de réir Airteagal 31 de dhréachtrialachán SCCT;

[3] 7226/22.
[4] 7231/2/22 REV 2; 6978/22.

(b) I ngeall ar an tsaincheist maidir le sceitheadh carbóin a d'fhéadfadh teacht ó onnmhairí a theorannú, is gá réitigh iomchuí chun éifeachtúlacht eacnamaíoch, sláine comhshaoil agus comhoiriúnacht le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála a áirithiú.

Ó bhí Comhairle ECOFIN an 15 Márta 2022 ann, leanadh den obair ar an dá shaincheist sin i roinnt cruinnithe den Mheitheal um an gComhshaol, d'fhonn teacht ar chomhréiteach i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Threoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí. Rinneadh plé freisin ar an ábhar sin i gCoiste na mBuanionadaithe (Cuid 1).

Thug an Chomhairle dá haire freisin go bhfuil an Coimisiún tar éis tograí a chur ar aghaidh maidir le hacmhainní dílse, bunaithe, *inter alia*, ar an ioncam a ghintear as deimhnithe SCCT a dhíol. Tá na tograí sin á mbreithniú d'fhonn iad a phlé an 1 Iúil 2022, i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020.

Ar deireadh, thug an Chomhairle dá haire go n-éilítear, le bunú SCCT, go bhforbrófaí comhar déthaobhach, iltaobhach agus idirnáisiúnta le tríú tíortha, lena n-áirítear trí chomhghuaillíocht de thíortha a bhunú ag an am céanna le hionstraimí praghsála carbóin nó le hionstraimí inchomparáide eile ('club aeráide'), chun cur chun feidhme de beartas uaillmhianach aeráide a chur chun cinn i ngach tír agus an bealach a réiteach do phraghsáil carbóin dhomhanda.

**Córas AE i ndáil le trádáil astaíochta (CTA AE)**

Ina phacáiste Oiriúnach do 55, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún athbhreithniú agus leathnú a dhéanamh ar raon feidhme Chóras AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (CTA AE) agus molann sé córas trádála astaíochtaí ar leithligh a chruthú d'earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar. Sa togra uaidh le haghaidh athbhreithniú ar an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, molann an Coimisiún gur cheart 25 % den ioncam uile a ghinfear leis an gcóras AE i ndáil le trádáil astaíochta a bheith ina acmhainn dhílis de bhuiséad an Aontais. Faoi mar a fhoráiltear i gComhaontú Idirinstitiúideach mhí na Nollag 2020, bheadh an acmhainn dhílis nua sin bunaithe ar an gcóras trádála atá ann faoi láthair le haghaidh suiteálacha do-aistrithe, chomh maith leis an earnáil eitlíochta (a gcuirfí lamháltais bhreise ar ceant ina leith) agus ar an gcóras a leathnú chun muiriompar a chuimsiú. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún gur cheart don acmhainn dhílis sin ioncaim ón scéim nua trádála astaíochtaí ar leithligh d'earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar a chumhdach.

Chun scrúdú a dhéanamh ar an togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí, tá dianchlár oibre curtha ar bun ag Uachtaránacht na Fraince, agus tionóladh 16 chruinniú meithle go dtí seo.

I mí an Mhárta 2022, bhí plé spriocdhírithe ag na hairí comhshaoil ar an togra chun CTA AE ar leith a bhunú d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar, chomh maith leis an togra le haghaidh an chiste aeráide shóisialta.

Ó shin i leith, leanadh den obair ar luas seasta sna fóraim ábhartha.

**Colún 1**

Táthar ag leanúint den obair ar chur chun feidhme na rialacha maidir le cearta cánachais a leithdháileadh idir dlínsí ('Colún 1') faoi chuimsiú Chreat Cuimsitheach um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis OECD/G20 ('an Creat Cuimsitheach'). Ina dhréacht-athbhreithniú ar an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, molann an Coimisiún go leithdháilfí ar bhuiséad an Aontais 15 % de bhrabúis inchánach na bhfiontar ilnáisiúnta a ath-leithdháileadh ar gach Ballstát faoi Cholún 1.

Is é is aidhm don obair i gCreat Cuimsitheach ECFE/G20 Coinbhinsiún Iltaobhach (MLC) a fhorbairt. Ach a mbeidh an obair sin tugtha chun críche, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún togra a thíolacadh le haghaidh treoir lena dtabharfar éifeacht don chomhaontú i gcomhréir le dlí an Aontais agus ceanglais an mhargaidh aonair.

**An pacáiste acmhainní dílse**

Maidir leis an bpacáiste acmhainní dílse, rinneadh an obair theicniúil i gcomhthráth leis an obair earnála. Ar bhonn na gceisteanna ó na Ballstáit, thug an Coimisiún freagraí ar cheisteanna teicniúla nithiúla: (i) na toimhdí maicreacnamaíocha, na bunsonraí agus an mhodheolaíocht lenar ghlac an Coimisiún sa togra uaidh, (ii) na cúiseanna leis na rátaí a choinneáil le haghaidh gach acmhainne dílse (25 % le haghaidh córas trádála astaíochtaí, 15 % le haghaidh Cholún 1 agus 75 % le haghaidh SCCT) agus (iii) mionsonraí maidir le sásra coigeartaithe uathoibríoch na n-uasteorann in CAI, bunaithe ar na méideanna a bailíodh ó acmhainní dílse nua chun an iasacht NGEU a aisíoc.

Tá tús curtha ag an Meitheal um Acmhainní Dílse le scrúdú a dhéanamh ar na tograí maidir le hacmhainní dílse nua a chur ar fáil (MAR 3) agus maidir le bearta cur chun feidhme le haghaidh an chórais acmhainní dílse (IMSOR). Sna tograí MAR 3 agus IMSOR, a thíolaic an Coimisiún an 14 Márta, sonraítear, faoi seach, cur ar fáil na dtrí acmhainn dhílse nua do bhuiséad an Aontais agus na forálacha is infheidhme maidir le rialú agus maoirseacht, lena n-áirítear na hoibleagáidí tuairiscithe is infheidhme.

Ar deireadh, mar a fhoráiltear i dtreochlár an Comhaontaithe Idirinstitiúidigh, molfaidh an Coimisiún acmhainní dílse nua breise faoi 2024. Chuir an Coimisiún in iúl go bhféadfaí na tograí nua sin a thíolacadh roimh ré.

***I bhfianaise an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh, na hoibre a rinneadh go dtí seo agus an dul chun cinn atá déanta maidir leis na tograí earnálacha a d'fhoilsigh an Coimisiún, iarrtar ar na Ballstáit a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an méid seo a leanas:***

- ***na hacmhainní dílse nua sin a thabhairt isteach chun a áirithiú go n-aisíocfar plean téarnaimh an Aontais;***
- ***an t-amchlár maidir lena gcur chun feidhme.***